



**Teideal:** Conradh Seirbhísí do **Rannpháirtíocht Phobail agus Chomhordú Imeachta**

**Conradh:** 6 mhí leis an bhféidearthacht go sínfear é suas go 12 mí

## Cúlra

Thar an 6 mhí amach romhainn beidh Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne ag iarraidh sraith imeachtaí bainteach le roinnt tionscadal éagsúil a bhainistiú agus a sholáthar laistigh den Mhol (féach thíos chun teacht ar tuilleadh eolais). Táimid ag lorg seirbhísí chun na himeachtaí seo, agus cúrsaí caidrimh pobail timpeall ar a bpleanáil agus a gcur i bhfeidhm, a fhorbairt, a chur chun cinn agus a bhainistiú. Tá súil againn le dhá imeacht ar scála mór/náisiúnta agus roinnt imeacht ar scála níos lú/áitiúil a reachtáil laistigh den tréimhse ábhartha.

## Riachtanais

Beidh obair dhlúth le foireann an Mhoil agus ár bpairtnéirí tionscadail chun na himeachtaí seo a sholáthar mar chuid den chonradh seo. Agus iad seo á bhforbairt, beidh ar sholáthraí na seirbhísí bheith ag obair ar chuma atá fíor-fhorbarthach agus comhoibritheach a thugann ceann d'éagsúlacht agus saíocht na bpobal áitiúil, ag glacadh leis go bhfuil réitigh acu féin ar na fadhbanna laistigh dá bpobal féin. Rachaidh an soláthraí seirbhísí i gcomhairle le pairtnéirí agus páirtithe leasmhara tábhachtacha chun sraith imeachtaí bainteach leis an tionscadail thíos a fhorbairt agus a éascú. Is iad príomhriachtanais an chonartha seo ná:

1. Bheith ag obair le foireann Mhol Chorca Dhuibhne (agus a pairtnéirí tionscadail) chun tuiscint a fháil ar an réimse imeachtaí atá ag teastáil, chomh maith le haidhmeanna áirithe agus comhthéacs na n-imeachtaí seo. San áireamh i bhfoireann an Mhoil tá baill foirne margaíochta agus cumarsáide, tacaíocht theicniúil agus riaracháin, agus na pairtnéirí tionscadail mar atá lucht taighde, meastóirí agus pearsanra forbartha pobail.
2. Cumarsáid a dhéanamh leis na príomh-phobail bainteach le gach imeacht chun a chinntiú go mbíonn siad páirteach ann ar shlí ghníomhach. Cinntiú go mbíonn na himeachtaí oiriúnach dá bhfeidhm agus go rachfar i gcomhairle le pobail chun clár oibre agus leagan amach na n-imeachtaí a chomhchruthú. Déanfar an obair seo i gcomhpháirt le na pairtnéirí ar fad agus go háirithe FCTTT, an t-eagras forbartha pobail áitiúil, ag obair ar chomhdhearadh agus comheagrú imeachtaí pobail a chothaíonn ionchoimsiú sóisialta.
3. Comhordú imeachtaí agus cumarsáid le soláthraithe taobh amuigh de na himeachtaí (m.sh. Lónadóireacht, iompar, lóistín, agus soláthraithe seirbhísí) chun gach gné de na riachtanais phraiticiúil a eagrú.
4. Tacaíocht a sholáthar timpeall ar ullmhúcháin an Mhoil do chuirteanna ó Airí Rialtais, státseirbhísí, ionadaithe áisíneachtaí stáit, maoinitheoirí, agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile.

5. Tacú le próiséis earcaíochta de réir mar is gá.
6. Suirbhéanna / ceistneoirí gearra measta a riaradh ag deireadh gach imeachta. An fhaisnéis uathu seo a thabhairt le chéile agus a chur isteach ar scarbhileog excel.

## Critéir Mheastacháin le húsáid ar mheasúnú na dtairiscintí

- An réimse agus doimhneas taithí ábhartha a léireofar, chomh maith le hardchaighdeán agus ardleibhéal acmhainní a cuirfear ar fáil don tionscadal. Ba cheart samplaí d'obair déanta cheana a sholáthar.
- An tuiscint léirithe timpeall ar riachtanais; caighdeán na tairisceana de réir na riachtanais, cur chuige molta, le léamh cruthaitheach/nuálaíoch ar na riachtanais agus ar na bearta molta bainistíochta agus bearta molta chun ardchaighdeán a chinntiú san áireamh.
- Costas na tairisceana. Iarrtar ar soláthraithe ráta lae a sholáthar don obair seo. Anuas ar sin, ba cheart leibhéal seirbhísí bun/costais do shaghsanna difriúla imeachta (m.sh. Imeacht beag, meánach, mór) a sholáthar.

## An Comhthéacs

Misean Mhol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Chorca Dhuibhne (MCNCD) ná pobal atá cruthaitheach, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach a thógáil, ag tacú le héiceachóras éagsúil bríomhar de pháirtithe leasmhara chun éascú a dhéanamh ar chruthú agus cothabháil postanna ar phá maith a bheidh ann ó cheann ceann na bliana ar Chorca Dhuibhne. Tá forbairt déanta againn ar mhúnla nuálaíoch de Nuálaíocht agus Aistriú Pobail bunaithe ar cheithre árdán straitéiseach.

- *Ardán 1:* Soláthraíonn MCNCD spás oibre agus áiseanna comhroinnte do dhaoine aonair agus do chomhlachtaí. Faoi láthair, bíonn 27 comh-oibrí ag baint úsáid as an spás ar bhonn rialta, móide 189 úsáideoirí eadrannacha, is tá pleananna ann chun síneadh a chur leis an láthair chun freastal ar bhreis éilimh.
- *Ardán 2:* Déanaimid éascú ar thionscadail a thógann na háiseanna/acmhainní gur ghá a bheith ann chun go mbeidh sé indéanta fostaíocht nua a chruthú faoi cheithre phríomhthéama: Inmharthanacht agus an Clár Oibre Glas, Claochlú Digiteach, na Tionscail Chruthaitheacha, agus Fís agus Straitéis Phobalbhunaithe.
- *Ardán 3:* Chun tógáil ar an éicea-chóras atá ag teacht chun cinn, úsáidimid na tionscadail chun tionchar a chur i bhfeidhm agus chun éileamh a chruinniú chun an íosmhéid éilimh a bhaint amach atá ag teastáil chun comhlachtaí nua áitiúla a bhunú agus a scálú.
- *Ardán 4:* Chun an pobal obair-ó-bhaile agus foghlaim-ó-bhaile a chothú, a chur chun cinn agus a thabhairt le chéile. Tá breis agus 150 duine nasctha le pobal ár mhoil, le lucht déanta scannán, beochana, fuinnimh inathnuaite, digitithe, anuas ar líonraí comhoibríoch cruthaitheacha agus gnó mar a mbíonn baill ag tacú lena chéile chun deiseanna eacnamaíoch a thapú a rachaidh chun leasa an dá pháirtí.

Beidh baint ag na himeachtaí a reachtálfar leis na tionscadail seo a leanas (anuas ar chinn eile b'fhéidir)

- **[EU Ploutos Project](#)** – Tionscadal go bhfuil 36 feirmeoir páirteach ann, ag déanamh fiosrú ar an tslí gurbh fhéidir leis an teicneolaíocht tacú le gnónna inmharthana le slabhra soláthair ghearr agus bunú níos mó acu a spreagadh.
- **[SFI Discover Project](#)** - Tá tacaíocht faighte ó Discover de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcomhair tionscadal dhá bhliana chun níos mó gníomhaíocht aeráide phobalbhunaithe a thiomáint, agus seo á soláthar trí mhodhanna nuálaíochta cumarsáide is comhchruthaithe leis an bpobal.
- **[Tionscadal Gníomhaíocht Chruthaitheach Aeráide](#)** – Tionscadal ag obair le 10 feirm áitiúil chun féachaint ar bhealach cruthaitheach ar shlite gurbh fhéidir le feirmeoirí ar Chorca Dhuibhne éagsúlú mar fhreagra ar an athrú aeráide.
- **[Pobail Fuinnimh Inmharthana \(PFI\) Earnálacha](#)** – Tugann Mol Chorca Dhuibhne cúnamh do Phobal Fuinnimh Inmharthana (PFI) Fheirmeoirí Déiríochta Chorca Dhuibhne de réir mar is gá agus tabharfaidh sé tacaíocht don PFI nua d'earnáil na Turasóireachta agus an Fháilteachais.
- **Tionscadal Píolótach Taistil Inmharthana** – Táthar ag lorg maoiniú chun gur féidir Bainisteoir Tionscadail a cheapadh le bheith ag obair leis an bpobal áitiúil chun seirbhísí/réitigh áitiúla indéanta taistil a chur ar fáil.
- **[Díleá Anaerobach](#)** – Tá staidéar féidearthachta don díleá anaerobach i gCorca Dhuibhne déanta agus críochnaithe agus táthar anois ag iarraidh bealaí a aimsiú chun gluaiseacht ar aghaidh go dtí céim forbartha an tionscadail seo.
- **Tionscadail Nua** – Leanfaimid ar aghaidh ag tiomáint, ag tacú le agus ag cumasú forbairt tionscadal nua, m.sh. Scéim áitiúil CNE (Comhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach), prímeáil margaidh timpeall ar aisfheistiú tithe, srl.

Beidh an conradh Seirbhísí do Rannpháirtíocht Phobail agus Chomhordú Imeachta á bhainistiú ag Mol Teic (ag trádáil mar Mhol Chorca Dhuibhne) agus MaREI, Ionad Taighde Fuinnimh, Aeráide agus Mara de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

## **Próiseas Iarratais**

Cuirtear fáilte roimh fiosraithe neamhfhoirmeálta; Déan teagmháil, led thoil, le Deirdre ag [deirdre@dinglehub.com](mailto:deirdre@dinglehub.com) suas go 48 uair roimh an am dúnta d'iarratais.

An dáta deireanach chun tairiscint a chur isteach ná **23.05.2022**